












# Plean Forfheidhmithe Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta

2023–2028

the arts  
council  
comhairle  
ealaíon



# Ábhar

 Réamhrá	5
 Cur Chuige Céimnithe	8
 Cur Chuige Sofhreagrúil	8
 Trasnachas	9
 Cuntasacht agus Freagracht	10
 1. Inghlacthacht Riosca a Bhunú	11
 2. Na hEalaíona agus Caighdeán Ealaíonta a Athshainiú	13
 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana	17
 4. Daoine Níos Ábalta agus Cultúr	30
 5. Eolas agus Cumarsáid Níos Éifeachtaí	43
 6. Monatóireacht agus Meastóireacht Leanúnach	50

Déanann an Chomhairle Ealaíon, i ngach rud a dhéanann sí, iarracht chun meas agus tacaíocht a thabhairt do gach guth agus cultúr atá in Éirinn an lae inniu, as gach cuid den tsochaí, ó phobail reatha agus nua, agus ó gach cúlra sóisialta, eitneach agus traidisiún agus a chinntiú go gcuimsítear agus go n-áirítear na guthanna sin.

Tá Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (CÉI, CCDÉ roimhe seo) na Comhairle Ealaíon bunaithe ar an mbunús go bhfuil an ceart céanna ag gach duine in Éirinn dul i ngleic leis na healaíona agus páirt a ghlacadh iontu, beag beann ar aois, stádas sibhialta nó teaghlaigh, míchumas, inscne, ballraíocht de phobal an Lucht Siúil, cine, reiligiún, gnéaschlaonadh, nó stádas socheacnamaíoch. Aithníonn an Beartas CéI, cé gur chuir an Chomhairle Ealaíon tionscnaimh forbartha chun cinn agus gur thacaigh sí leo le blianta fada, go raibh an obair a rinneamar ar mhaithe le dul chun cinn an athraithe teoranta agus róscartha. Tuigim go maith go bhfuil go leor éagothroime laistigh de na healaíona in Éirinn go fóill agus go bhfuil líon mór daoine a bhfuil bacainní rompu fós i dtaobh a bheith rannpháirteach leis na healaíona.

Creidimid gur féidir linn leas a bhaint as na torthaí ealaíonta saibhre agus cleachtas comhaimseartha atá dúshlánach, ábhartha agus a thugann léargas níos cruinne ar ár sochaí inniu má dhéanaimid comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn sna healaíona in Éirinn.

Mar an ghníomhaireacht a bhfuil sé de chúram orainn na healaíona a fhorbairt in Éirinn, tá sé ríthábhachtach go mbeadh cur chuige réamhghníomhach agus dírithe ag an gComhairle Ealaíon chun ceart bunúsach seo an duine a dheimhniú<sup>1</sup>: a chinntiú go mbeidh deis ag gach duine a chónaíonn in Éirinn páirt a ghlacadh sna healaíona.

Gealltar sa Bheartas CÉI seo go gcuirfear an comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht i gcroílár phleananna oibríochtúla agus straitéiseacha na Comhairle Ealaíon. Mar a luadh inár mBeartas, chun é sin a dhéanamh, teastóidh bunathruithe inár struchtúir agus inár n-oibríochtaí, mar aon leo siúd a dtacaímid leo chun na healaíona in Éirinn a sholáthar.

Mar bhunphrionsabal lárnach de Shaothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, cuirfear ‘meas ar an éagsúlacht’ i bhfeidhm trí shraith gníomhartha, gníomhartha leanúnacha agus cuspóirí gearrthearma, meántearma agus fadtearma.

---

<sup>1</sup> Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine – Airteagal 27.

Tá sé de cheart ag gach uile dhuine páirt a ghlacadh gan chosc i saol cultúrtha an phobail, áineas na n-ealaíon a bheith aige agus tairbhe a bhaint as dul chun cinn eolaíoch agus na sochair a eascraíonn as sin.

Tá ag gach aon duine an ceart go gcosnófaí na leasa morálta agus ábhartha a leanas ó shaothar eolaíochta, litríochta nó ealaíne ar bith arb é is údar dó.



Téigh chuig clár an ábhair

# Réamhrá



**An Chomhairle Ealaíon | The Arts Council**  
Plean Forfheidhmithe Comhionannais, Éagsúlachta  
agus Ionchuisitheachta 2023–2028



# Réamhrá

Léiríonn forbairt ar Phlean Forfheidhmithe CÉI 2023–2028 tiomantas leanúnach na Comhairle Ealaíon do dheireadh a chur le bacainní a choisceann rochtain iomlán ar na healaíona agus rannpháirtíocht iontu in Éirinn. Tá sé bunaithe ar thorthaí ó mheastóireacht dhomhain ar an bPlean Gníomhaíochta Beartais CÉI 2019–2021, a rinneadh in 2022, chomh maith le comhairliúcháin inmheánacha agus sheachtracha, anailís sonraí, agus athbhreithniú fairsing ar litríocht scolártha agus dea-chleachtas sa réimse.

## **Shonraigh na torthaí cúig phríomhbhac roimh rochtain agus rannpháirtíocht sna healaíona in Éirinn inniu:**

1. Sainmhíniú srianta ar na foirmeacha ealaíne agus ar na cleachtais a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon
2. Samhail mhaoinithe dhorochtana
3. Comhtháthú teoranta ar chleachtais oibre CÉI sa Chomhairle Ealaíon agus tacaíocht theoranta d'earnáil na n-ealaíon maidir le cleachtais oibre CÉI agus rannpháirtíocht leo
4. Eolas teoranta maidir le bacainní ar rannpháirtíocht agus cur chuige neamhréireach i leith cumarsáide agus for-rochtana
5. Easpa monatóireachta agus meastóireachta leanúnaí ar thionscnaimh CÉI.

# Réamhrá

Bíodh is gur bacainní aitheanta iad seo, aithnímid go bhfuil roinnt bacainní anaithnide fós ann a bhfuil gá le taighde, anailís agus gníomh breise ina leith.

Chuige sin, tugann an Plean Forfheidhmithe 2023–2028 nua seo breac-chuntas ar phointí gníomhaíochta nua agus bealach nua oibre a leabaíonn prionsabail agus cuspóirí CÉI ar fud na Comhairle Ealaíon agus na hearnála ealaíon.

## Tá sé tógtha ar na príomhghnéithe seo a leanas:

- Tá sé roinnte ina **chéimeanna**
- Tá sé deartha le bheith **sofhreagrúil** agus **freagrúil**
- Tá cur chuige **trasnach** aige
- Cinntíonn sé go sainmhínítear **cuntasacht** agus **freagrach** go soiléir

# Cur Chuige Céimnithe

**Tá an Plean Forfheidhmithe roinnte ina thrí chéim:**

**Céim 1:** Meitheamh 2023 – Bealtaine 2024

---

**Céim 2:** Meitheamh 2024 – Bealtaine 2026

---

**Céim 3:** Meitheamh 2026 – Bealtaine 2028

# Cur Chuige Sofhreagrúil

Tabharfaidh cur chuige sofhreagrúil deiseanna don solúbthacht atá ag teastáil d'fhíorathrú buan, a chuirfidh ar chumas na Comhairle Ealaíon freagairt go tapa do bhacainní nua-aitheanta, agus éascóidh sé féidearthachtaí oiriúnú lena chinntiú go bhfuil an cur chuige oibre nua leabaithe go cáiréiseach inár gcuid oibre.

Go praiticiúil, ciallaíonn sé seo go bhféadfadh agus gur féidir gníomhartha, garspriocanna agus amscálaí athrú bunaithe ar fhoghlaim nua.



# Trasnachas

Aithnítear sa Phlean Forfheidhmithe nach féidir daoine aonair a rangú go néata i dtréithe cosanta, agus gur féidir le tosca iomadúla trasnú, agus trasnaíonn siad, chun eisiámh ó na healaíona a mhéadú. Dá bhrí sin, bíodh is go bhfreagraíonn roinnt gníomhaíochtaí do bhacainn aitheanta a bhaineann le saintréith shonrach faoi chosaint, tá na gníomhartha agus na príomhgharspriocanna go léir deartha leis an tuiscint gur féidir le baint bacainní, agus gur cheart go rachadh an bhaint seo, chun leasa do ghrúpa níos leithne daoine aonair. I bhfocail eile, aithnímid nach bhfuil aon ordlathas i measc na saintréithe cosanta, agus is é ár ndualgas comhionannas a chinntiú do chách.



# Cuntasacht agus Freagracht

Déanfar freagracht as Plean Forfheidhmithe CÉI a chomhtháthú i ngach leibhéal den Chomhairle Ealaíon, agus caithfidh cuntasacht as gach pointe gníomhaíochta a bheith ag gach ball den Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí agus ag an Stiúrthóir. Cinnteoidh an méid sin go bhfuil prionsabail CÉI leabaithe ar fud na heagraíochta mar phríomhghné d'obair laethúil; go bhfuil línte soiléire cuntasachta, freagrachta agus úinéireachta i ngach foireann; agus go bhfuil ceannaireacht infheicthe ar chuspóirí CÉI go himmheánach agus go seachtrach.



Téigh chuig clár an ábhair

# 1. Inghlacthacht Riosca a Bhunú



**An Chomhairle Ealaíon | The Arts Council**  
Plean Forfheidhmithe Comhionannais, Éagsúlachta  
agus Ionchuimsitheachta 2023–2028



# 1. Inghlacthacht Riosca a Bhunú

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Measúnú Inghlacthachta Riosca</b>	Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon agus Comhaltaí na Comhairle	<ul style="list-style-type: none"><li>– Cur in iúl soiléir ar inghlacthacht riosca na Comhairle agus na bhFeidhmeannach cuspóirí CÉI a chur chun cinn</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>– Éascaitheoir a fhostú chun measúnú riosca a dhéanamh leis an gComhairle agus leis an Stiúrthóir</li><li>– Tuairisciú ar inghlacthacht riosca bunaithe le foireann na Comhairle Ealaíon</li></ul>	<b>Céim 1</b>



Téigh chuig clár an ábhair

## 2. Na hEalaíona agus Caighdeán Ealaíonta a Athshainiú



**An Chomhairle Ealaíon | The Arts Council**  
Plean Forfheidhmithe Comhionannais, Éagsúlachta  
agus Ionchuisitheachta 2023–2028



## 2. Na hEalaíona agus Caighdeán Ealaíonta a Athshainiú

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Na hEalaíona a Athshainiú</b>	An Stiúrthóir um Fhorbairt Straitéiseach	<ul style="list-style-type: none"> <li>– Leathnaíonn an Chomhairle Ealaíon an sainmhíniú ar fhoirmeacha ealaíne maoinithe, agus tacaíonn sí le réimse leathan ealaíontóirí agus eagraíochtaí</li> <li>– Taighde láidir chun ábhair anaithnide a shainiú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>– Tionscadal taighde mhórscála a dhéanamh, lena n-áirítear comhairliúcháin leis an earnáil, maidir le foirmeacha ealaíne agus seánraí atá ag teacht chun cinn chun na paraiméadair a iniúchadh agus an tionchar a bhíonn ag leathnú an tsainmhíne ar na healaíona a mheas, de réir an tsainmhíne ar na healaíona san Acht Ealaíon</li> <li>– Tuairisciú ar thorthaí agus moltaí a dhéanamh</li> </ul>	<b>Céim 1</b>
			<ul style="list-style-type: none"> <li>– Plean a fhorbairt chun moltaí taighde a chur i bhfeidhm</li> <li>– Sainmhíniú ar na foirmeacha ealaíne a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon a leathnú</li> </ul>	<b>Céim 2</b>



## 2. Na hEalaíona agus Caighdeán Ealaíonta a Athshainiú

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Caighdeán Ealaíonta</b>	An Stiúrthóir um Fhorbairt Straitéiseach	<ul style="list-style-type: none"><li>- Prionsabail CÉI san áireamh go sonrach i dtaighde nua a bhí mar bhonn eolais ag an measúnú ar chaighdeán ealaíonta agus cleachtais eisiata a bhaint</li><li>- Samhail mheasúnaithe nua, a chuireann an taighde thuas san áireamh, agus í curtha i bhfeidhm ar fud na treorach agus na nósanna imeachta measúnaithe maoinithe go léir</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>- Comhairleoir taighde a fhostú chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaighde atá ann cheana agus forbairt sainmhínithe ar chaighdeán ealaíonta a threorú (Matarasso/Cúig Bhreithniú) chun sainmhínithe a ailíniú de chaighdeán ealaíonta le prionsabail CÉI</li><li>- Treoirlínte measúnaithe a nuashonrú agus samhail mheasúnaithe nua a chur san áireamh ar fud na scéimeanna maoinithe go léir</li><li>- Oiliúint bhliantúil a chur ar fáil do mheasúnóirí agus painéalaithe</li></ul>	<b>Céim 2</b>

## 2. Na hEalaíona agus Caighdeán Ealaíonta a Athshainiú

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Eagraíochtaí a Fhaigheann Maoiniú Straitéiseach</b>	An Stiúrthóir um Fhorbairt Straitéiseach	<ul style="list-style-type: none"><li>- Eagraíochtaí nua a fhaigheann maoiniú straitéiseach a thabhairt isteach a léiríonn an éagsúlacht atá ag fás in Éirinn, agus ailíniú le sainmhínte nua ar na healaíona, cleachtais ealaíon agus caighdeán ealaíonta, rud a mhéadaíonn cumas na Comhairle Ealaíon dul i dteagmháil le healaíontóirí nua agus fás leis an earnáil</li><li>- Sárchleachtas CÉI bunaithe mar phríomhghné den bhonneagar ealaíon riachtanach</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>- Athbhreithniú a dhéanamh ar thaighde agus ar chomhairliúcháin ó chéimeanna 1 agus 2</li><li>- Deiseanna a fhorbairt chun eagraíochtaí nua a chuimsiú de réir a chéile sa chlár Maoinithe Straitéisigh</li><li>- Eagraíochtaí Nua a mhaoinítear go straitéiseach a thabhairt isteach</li></ul>	<b>Céim 3</b>



Téigh chuig clár an ábhair

# 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana



**An Chomhairle Ealaíon | The Arts Council**  
Plean Forfheidhmithe Comhionannais, Éagsúlachta  
agus Ionchuisitheachta 2023–2028



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>An Próiseas Iarratais</b>	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<ul style="list-style-type: none"><li>- Foirmeacha iarratais agus treoirlínte nua, inrochtana agus ionchuimsitheacha a thabhairt isteach ar fud gach deontas agus dámhachtain, le meas ar leith ar, ach gan a bheith teoranta ar:<ul style="list-style-type: none"><li>- iarratasóirí nua</li><li>- iarratasóirí faoi mhíchumas:</li><li>- iarratasóirí nach é an Béarla ná an Ghaeilge a dteanga dhúchais</li><li>- iarratasóirí a dteastaíonn tacaíocht litearthachta uathu</li><li>- iarratasóirí a bhfuil rochtain theoranta ar an idirlíon acu</li></ul></li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>- Leas a bhaint as taighde atá ann cheana, é a athbhreithniú agus a nuashonrú chun cur chuige bunaithe ar inrochtaineacht a chur san áireamh mar chuid de chóras nua ar líne</li><li>- Leanúint ar aghaidh ag maoiniú na gcostas rochtana d'ealaíontóirí faoi mhíchumas</li></ul>	<b>Céim 1</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>An Próiseas Iarratais</b>	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Foirmeacha iarratais agus treoirlínte nua, inrochtana agus ionchuimsitheacha a thabhairt isteach ar fud gach deontas agus dámhachtain, le meas ar leith ar, ach gan a bheith teoranta ar: <ul style="list-style-type: none"> <li>- iarratasóirí nua</li> <li>- iarratasóirí faoi mhíchumas:</li> <li>- iarratasóirí nach é an Béarla ná an Ghaeilge a dteanga dhúchais</li> <li>- iarratasóirí a dteastaíonn tacaíocht litearthachta uathu</li> <li>- iarratasóirí a bhfuil rochtain theoranta ar an idirlíon acu</li> </ul> </li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Foirmeacha iarratais agus treoirlínte a chur ar fáil i dteangacha éagsúla (le cur isteach i mBéarla/i nGaeilge)</li> <li>- Teimpléid iarratais a fhorbairt</li> <li>- Córas a fhorbairt chun costais rochtana agus tacaíocht a sholáthar chun iarratais a dhéanamh, ar líne agus ar an láthair, beag beann ar thoradh an iarratais</li> <li>- Modhanna breise iarratais a fhorbairt (e.g. físeán)</li> </ul>	<b>Céim 3</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Sceideal Maoinithe</b>	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<ul style="list-style-type: none"><li>– Fógra níos faide maidir le sceidil mhaoinithe, in éineacht le tréimhsí níos faide, níos solúbtha chun iarratas a dhéanamh chun tacaíocht a thabhairt d’ullmhúchán agus iarratais a phleanáil, le tagairt ar leith do thionchar ar, ach go háirithe, ach gan a bheith teoranta ar:<ul style="list-style-type: none"><li>– ealaíontóirí faoi mhíchumas</li><li>– cúramóirí</li><li>– oibrithe lánaimseartha</li><li>– iarratasóirí a dteastaíonn tacaíocht litearthachta uathu</li><li>– iarratasóirí a bhfuil rochtain teoranta ar an idirlíon acu</li></ul></li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>– Comhairliúcháin a reáchtáil ar fud na hearnála, agus aird ar leith á tabhairt ar 10 dtréith chosanta, chun tuiscint níos fearr a fháil ar na bacainní chun iarratais a chur i gcrích</li><li>– Sceideal scéimeanna maoinithe a athbhreithniú, agus sceideal maoinithe nua a fhorbairt mar chuid de Chreat Maoinithe 2022 – 2025</li></ul>	<b>Céim 2</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Sceideal Maoinithe</b>	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Fógra níos faide maidir le sceidil mhaoinithe, in éineacht le tréimhsí níos faide, níos solúbtha chun iarratas a dhéanamh chun tacaíocht a thabhairt d'ullmhúchán agus iarratais a phleanáil, le tagairt ar leith do thionchar ar, ach go háirithe, ach gan a bheith teoranta ar:               <ul style="list-style-type: none"> <li>- ealaíontóirí faoi mhíchumas</li> <li>- cúramóirí</li> <li>- oibrithe lánaimseartha</li> <li>- iarratasóirí a dteastaíonn tacaíocht litearthachta uathu</li> <li>- iarratasóirí a bhfuil rochtain teoranta ar an idirlíon acu</li> </ul> </li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cur chuige níos solúbtha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le dátaí oscailte agus spriocdhátaí bunaithe ar chomhairliúcháin i gCéim 1</li> <li>- Sceideal maoinithe bliantúil a fhoilsiú faoi thús na ráithe deiridh den bhliain roimhe sin</li> <li>- An tréimhse inár féidir iarratas a dhéanamh a leathnú</li> <li>- Am iarratais breise bunaithe ar riachtanais a thabhairt isteach</li> </ul>	<b>Céim 3</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Comhairleoirí agus Measúnóirí</b>	Stiúrthóirí Ealaíon	<ul style="list-style-type: none"><li>– Ionadaíocht níos mó i measc comhairleoirí agus measúnóirí ar fud gach saintréith chosanta chun claontacht fhéideartha a sheachaint laistigh de nósanna imeachta measúnaithe agus cuireann sé le muinín sheachtrach sa phróiseas</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>– Suirbhé a dhéanamh ar chomhairleoirí agus measúnóirí atá ann cheana maidir leis na 10 saintréith chosanta</li><li>– Nósanna imeachta soláthair a nuashonrú chun cuspóirí CÉI a leabú agus ionadaíocht a chinntiú ar fud gach saintréith chosanta</li><li>– Lámhleabhar agus treoirlínte Comhairleora a athbhreithniú agus a nuashonrú maidir le measúnóirí a ligean ar foconradh chun prionsabail CÉI a ionchorprú</li></ul>	<b>Céim 3</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Measúnú agus Scóráil</b>	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<ul style="list-style-type: none"><li>– Critéir mheasúnaithe agus nósanna imeachta scórála nuashonraithe a chuireann cuspóirí CÉI in iúl go soiléir, rud a chuireann le héagsúlacht na n-iarratas a fhaighimid agus, dá réir sin, lenár dtorthaí maoinithe</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>– Athbhreithniú a dhéanamh ar gach nós imeachta measúnaithe agus scórála</li><li>– Moltaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar athbhreithniú i gcéim 1</li><li>– Treoirlínte measúnaithe agus scórála foilsithe a nuashonrú</li><li>– Oiliúint a chur ar fáil don fhoireann, don chomhairle agus do mheasúnóirí</li></ul>	<b>Céim 2</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Painéil Phiaráí</b>	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<ul style="list-style-type: none"><li>– Ionadaíocht níos éagsúla ar phainéil chothroma a léiríonn éagsúlacht na hÉireann, ag tagairt go háirithe do na 10 saintréith chosanta</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>– Athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí atá ann cheana maidir le painéil chothroma a chruthú lena n-áirítear:<ul style="list-style-type: none"><li>– Roghnú painéalaithe</li><li>– Treoirlínte an Phainéil Phiaráí</li><li>– Aiseolas ón bpainéal</li></ul></li></ul>	<b>Céim 1</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Painéil Phiaráí</b>	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<ul style="list-style-type: none"><li>– Ionadaíocht níos éagsúla ar phainéil chothroma a léiríonn éagsúlacht na hÉireann, ag tagairt go háirithe do na 10 saintréith chosanta</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>– Próiseas nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas ó Phainéal Piaráí agus gníomhú ina leith</li><li>– Nós imeachta nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun painéil chothroma a chruthú a léiríonn éagsúlacht na hÉireann, ag tagairt go háirithe do na 10 saintréith chosanta</li><li>– Oiliúint CÉI a fhorbairt agus a chur ar fáil do Phainéil Phiaráí</li><li>– Treoirlínte an Phainéil Phiaráí a athbhreithniú agus a nuashonrú</li></ul>	<b>Céim 2</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Aiseolas</b>	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<ul style="list-style-type: none"> <li>Aiseolas cuimsitheach curtha ar fáil do gach dámhachtain chun na deiseanna d'iarratasóirí iarratais níos fearr a dhéanamh a mhéadú, agus cur le ról forbartha na Comhairle Ealaíon</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige maidir le haiseolas ar fud na gclár maoinithe go léir</li> <li>Nós imeachta aiseolais nua leanúnach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na gclár maoinithe go léir de réir ról forbartha na Comhairle Ealaíon</li> </ul>	<b>Céim 2</b>
<b>Neamh-incháilitheacht</b>	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	<ul style="list-style-type: none"> <li>Critéir incháilitheachta shoiléir liostaithe chun ardleibhéil neamh-incháilitheachta a laghdú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Anailís bhliantúil ar iarratais neamh-incháilithe a thabhairt isteach, agus machnamh a dhéanamh ar rátaí agus cúiseanna liostaithe</li> <li>Treoirlínte iarratais agus cur chuige maidir le clinicí faisnéise a nuashonrú go bliantúil (nó de réir mar is gá) chun torthaí a ionchorprú</li> </ul>	<b>Céim 2</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Tacaíochtaí Míchumais</b>	Stiúrthóir agus Comhairle	<ul style="list-style-type: none"> <li>– Comhoibriú le páirtithe leasmhara chun tacú le healaíontóirí faoi mhíchumas tacaíochtaí míchumais a choimeád tar éis dóibh maoiniú a fháil ón gComhairle Ealaíon</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>– Le comhairleoir, déan taighde agus comhairliúcháin atá ann cheana a mheas agus a chomhthiomsú chun príomhbhacainní a aithint</li> <li>– Réitigh a mholadh don Roinn Coimirce Sóisialaí agus comhoibriú leo</li> </ul>	<b>Céim 1</b>
<b>Costais do Thuismitheoirí agus do Chúramóirí</b>	An Stiúrthóir Airgeadais	<ul style="list-style-type: none"> <li>– Cur chuige comhsheasmhach maidir le tacú le costais chúraim ar fud na gclár maoinithe a thabhairt isteach chun níos mó deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>– Cur chuige comhsheasmhach a fhorbairt chun tacú le costais chúraim ar fud na gclár maoinithe go léir (lena n-áirítear Maoiniú Straitéiseach)</li> <li>– Próiseas a thabhairt isteach chun iarratas a dhéanamh ar chostais chúraim ar fud na gclár maoinithe go léir</li> </ul>	<b>Céim 1</b>
			<ul style="list-style-type: none"> <li>– Déan measúnú ar an éileamh go bliantúil</li> </ul>	<b>Céim 2</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Scoileanna Ildánacha</b>	Stiúrthóir Scoileanna Ildánacha	– Ionadaíocht níos mó i measc Comhlaigh Chruthaitheacha ar fud gach saintréith chosanta chun tuiscint a fheabhsú ar aon chlaontaí agus baic fhéideartha laistigh den chlár	– Suirbhé a dhéanamh ar Chomhlaigh Chruthaitheacha atá ann cheana chun leibhéal ionadaíochta a chinneadh maidir le 10 dtréith chosanta	<b>Céim 1</b>
			– Nósanna imeachta soláthair a nuashonrú chun cuspóirí CÉI a leabú agus ionadaíocht a chinntiú ar fud gach ceann de na 10 saintréith chosanta  – Deiseanna oiliúna CÉI do Chomhlaigh Chruthaitheacha a leathnú	<b>Céim 2</b>



### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Scoileanna Ildánacha</b>	Stiúrthóir Scoileanna Ildánacha	<ul style="list-style-type: none"> <li>Bacainní breise ar rannpháirtíocht i gclár Scoileanna Ildánacha a shainaithint chun clár iomlán cuimsitheach a chruthú ar fud scoileanna agus suíomhanna éagsúla</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Comhairliúcháin a dhéanamh le scoileanna agus le suíomhanna óige nár ghlac páirt sa chlár riamh chun bacainní ar iarratas a chinneadh</li> <li>Clár agus gníomhaíochtaí for-rochtana a fhorbairt bunaithe ar chomhairliúcháin agus aiseolas</li> </ul>	<b>Céim 2</b>
<b>Scoileanna Ildánacha</b>	Stiúrthóir Scoileanna Ildánacha	<ul style="list-style-type: none"> <li>Acmhainní breise curtha ar fáil chun costais rochtana agus costais riachtanas breise a chlúdach do leanaí agus daoine óga, do mhúinteoirí agus Comhlaigh Chruthaitheacha faoi mhíchumas, lena chinntiú go mbeidh scoileanna agus suíomhanna malartacha in ann páirt iomlán a ghlacadh sa chlár Scoileanna Ildánacha</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Próiseas iarratais a nuashonrú chun rochtain agus costais riachtanas breise a chur san áireamh</li> <li>Infhaighteacht rochtana agus costais riachtanas breise a chur chun cinn d'iarratasóirí ionchasacha</li> </ul>	<b>Céim 1</b>

### 3. Samhail Mhaoinithe Níos Éifeachtaí agus Inrochtana

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Bacainní Anaithnide</b>	Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha	– Bacainní breise ar Mhaoiniú ón gComhairle Ealaíon aitheanta go leanúnach	– Próiseas aiseolais ar iarratais a thógáil sa chóras iarratais nua, agus sonraí a anailísiú go bliantúil	<b>Céim 2</b>
			– Comhairliúcháin dhébhliantúla ar fud na hearnála a dhéanamh maidir le maoiniú agus foirmeacha iarratais	
			– Gníomhaíochtaí nua a fhorbairt bunaithe ar shonraí a bailíodh	<b>Céim 3</b>



Téigh chuig clár an ábhair

# 4. Daoine Níos Ábalta agus Cultúr



**An Chomhairle Ealaíon | The Arts Council**  
Plean Forfheidhmithe Comhionannais, Éagsúlachta  
agus Ionchuisitheachta 2023–2028



## 4. Daoine Níos Ábalta agus Cultúr

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Earcaíocht Foirne/ Ionadaíocht an Lucht Saothair</b>	Stiúrthóir Acmhainní Daonna	– Sonraí comhionannais ar bhail foirne na Comhairle Ealaíon a thabhairt isteach chun tacú le forbairt na gcleachtas earcaíochta agus coinneála CÉI chun fórsa oibre ionadaíoch a chruthú	– Suirbhé faoi Dhínit san Ionad Oibre a fhorbairt agus a riar ar fud na Comhairle Ealaíon	<b>Céim 1</b>
			– Gníomhaíochtaí nua a fhorbairt agus sonraí a anailísiú bunaithe ar thorthaí	
			– Suirbhé bliantúil a fhorbairt agus a riar a dhíríonn ar 10 saintréith chosanta forbartha	<b>Céim 2</b>
			– Cleachtais nua earcaíochta, coinneála agus tacaíochta a fhorbairt agus sonraí a anailísiú, bunaithe ar thorthaí	



## 4. Daoine Níos Ábalta agus Cultúr

Téigh chuig clár an ábhair

Réimse Tosaíochta	Cuntasacht	Toradh	Eochairghníomhartha	Amlíne
<b>Cleachtais Fostaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas</b>	Stiúrthóir Acmhainní Daonna	– Cód cleachtais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun daoine faoi mhíchumas a fhostú	– Cóid chleachtais reatha na hearnála poiblí a mheas maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú – Cód cleachtais a fhorbairt chun daoine faoi mhíchumas a fhostú	<b>Céim 2</b>
<b>Cleachtais Fostaithe</b>	Stiúrthóir Acmhainní Daonna	– Suirbhé ar shonraí comhionannais a thabhairt isteach d'iarratasóirí poist chun tacú le hearcaíocht éifeachtach agus cleachtais choinneála CÉI le haghaidh fórsa oibre ionadaíoch	– Suirbhé sonraí comhionannais a fhorbairt agus a riar d'iarratasóirí, le tagairt ar leith don 10 saintréith chosanta	<b>Céim 1</b>
